Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16772/25**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0399 (COD)**

**ENER 677**
**TRANS 644**
**RELEX 1683**
**ECOFIN 1735**
**ENV 1384**
**CODEC 2126**
**IA 231**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2025) 2001 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>[Pacáiste um na hEangacha Eorpacha]<br>a ghabhann leis na doiciméid<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942, (AE) 2019/943 agus (AE) 2024/1789 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2022/869<br>Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2025) 2001 final.

Faoi iamh: SWD(2025) 2001 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
SWD(2025) 2001 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[Pacáiste um na hEangacha Eorpacha]**

***a ghabhann leis na doiciméid***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942, (AE) 2019/943 agus (AE) 2024/1789 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2022/869**

**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna**

{COM(2025) 1006 final} - {SEC(2025) 2000 final} - {SWD(2025) 2000 final}

**GA** **GA**

## A. An gá atá le gníomhaíocht

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Tá ról ríthábhachtach ag an mbonneagar eangaí fuinnimh maidir le borradh a chur an athuair faoi iomaíochas na hEorpa, maidir le slándáil ár nAontais a áirithiú agus maidir leis an aistriú fuinnimh agus an dícharbónú. Tá dúshláin nua mhóra roimh eangacha fuinnimh an Aontais maidir le tacú le córas leictreachais atá ag éirí níos leictrithe, níos díláraithe, níos digitithe agus níos solúbtha agus arb é is saintréith dó sciar méadaitheach d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite athraitheacha. Sainaithníodh trí phríomhfhadhb sa Mheasúnú Tionchair.

**Ar an gcéad dul síos, tionscadail bhonneagair atá ann cheana mar aon le tionscadail bhonneagair atá beartaithe, níl siad spriocdhírithe go leor chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach.** Tá bearna mhór idir ár riachtanais bonneagair leictreachais trasteorann agus luas agus leibhéal reatha na forbartha bonneagair ar leibhéal na heangaí tarchuir agus dáileacháin araon. I gcás leictreachais, ní thugtar aghaidh faoi láthair ar leath de na riachtanais leictreachais trasteorann (32 as 66 GW) le haghaidh 2030, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an mbearna sin go 37 GW faoi 2040. Mura dtugtar aghaidh ar riachtanais bhonneagair, d'fhéadfaí bac a chur ar dhícharbónú an chórais, an bonn a bhaint de shlándáil an tsoláthair agus d'fhéadfadh ilroinnt bhreise sna margaí agus praghsanna fuinnimh níos airde a bheith mar thoradh air sin. Thairis sin, beidh pleanáil agus comhtháthú feabhsaithe an líonra hidrigine ríthábhachtach chun barrfheabhsú córais agus dícharbónú an tionscail a áirithiú.

**Ar an dara dul síos, tá cur chun feidhme na dtionscadal bonneagair, fuinnimh in-athnuaite agus stórála chomh maith le stáisiún athluchtaithe rómhall**, rud a mhéadaíonn costais fhoriomlána tionscadail agus a chuireann bac ar dhícharbónú an chórais. Tógann sé suas le 7,5 bliain chun tionscadail bonneagair leictreachais a chur i gcrích le haghaidh líonraí dáileacháin agus suas le 10 mbliana le haghaidh eangacha tarchuir. I gcás tionscadail trasteorann, is féidir le deacrachtaí a bhaineann le teacht ar chomhaontú maidir le **comhroinnt costas** nuair a bhíonn tairbhí ag baint le tionscadail lasmuigh dá mBallstát óstach a bheith ina gcúis le moilleanna. Ina theannta sin, tá **nósanna imeachta ceadaithe** moillithe fós ina bpríomhscrogall.

**Ar deireadh, ábhair imní maidir le slándáil bonneagair**. Tarraingíodh aird leis na teagmhais fhisiceacha agus chibearshlándála a tharla le déanaí ar an mbaol go ndíreodh gníomhaithe naimhdeacha ar bhonneagar fuinnimh na hEorpa, agus go mbeadh impleachtaí costas eacnamaíoch agus iarmhairtí do chobhsaíocht ár gcórais fuinnimh ag baint leis sin. Tá méadú ag teacht freisin ar an spéis atá ag gníomhaithe tríú tír infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar fuinnimh an Aontais, rud a d'fhéadfadh neamhchosaint an Aontais ar rioscaí a bhaineann leis an tslándáil fuinnimh a mhéadú. Sa bhreis ar ghníomhaíochtaí sabaitéireachta a dhéantar d'aon ghnó, déanann rioscaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear guaiseacha nádúrtha agus tionchair a bhaineann leis an aeráid, difear freisin d'athléimneacht bhonneagar fuinnimh an Aontais.

Mura ndéanfar gníomhaíocht thráthúil ar leibhéal an Aontais, faoin gcreat reachtach agus beartais atá ann faoi láthair, is dócha go leanfaidh na fadhbanna sin ar aghaidh nó go rachaidh siad in olcas.

**Cuspóirí: Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is é **cuspóir ginearálta** an Phacáiste um na hEangacha Eorpacha a áirithiú go ndéanfar bonneagar fuinnimh athléimneach, fuinneamh in-athnuaite agus solúbthacht, lena n-áirítear

stáisiúin stórála agus athluchtaithe, a fhorbairt go tráthúil agus go héifeachtúil ar fud an Aontais. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Aontas a chuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú trí idirnascacht níos fearr, as a dtiocfaidh cóineasú praghsanna, praghsanna mórdhíola leictreachais laghdaithe agus luaineacht níos ísle praghsanna leictreachais, chomh maith le nascadh luathaithe giniúna agus éilimh. Is iad **cuspóirí sonracha** an tionscnaimh i) a áirithiú le tionscadail a chuimsítear i bpleananna forbartha gréasáin agus a roghnaítear mar Thionscadail Leasa Choitinn nó mar Thionscadail Chomhleasa, go dtabharfar aghaidh ar riachtanais shainaitheanta bhonneagair, ii) úsáid uirlisí comhroinnte costas a éascú chun tionscadail bhonneagair trasteorann a chur in úsáid ar bhealach níos tapúla, iii) nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail bonneagair fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus stórála, chomh maith le stáisiúin athluchtaithe a ghiorrú agus a shimpliú agus iv) slándáil fhisiceach agus chibearshlándáil agus athléimneacht an bhonneagair fuinnimh trasteorann a fheabhsú.

**Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Tá cineál nó tionchar tras-Eorpach nó trasteorann ag bonneagar tarchuir fuinnimh agus, níos mó ná riamh, ag líonraí dáileacháin leictreachais. Mar gheall ar nádúr idirnasctha na heangaí fuinnimh Eorpaí tá gá le dlúthchomhordú ar an bpleanáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Ní leor rialáil náisiúnta amháin, toisc nach bhfuil na húdaráis riaracháin náisiúnta in ann pleanáil bonneagair trasteorann a bhainistiú. Trí phleanáil éifeachtach ar leibhéal an Aontais, is féidir feabhas a chur ar chomhtháthú foinsí fuinnimh ghlain, aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh leictreachais agus slándáil an tsoláthair a áirithiú, rud a fhágfaidh go mbeidh gréasán níos éifeachtúla ann agus go laghdófar na riachtanais a bhaineann le leathnú na heangaí.

Tá breisluach ag baint le gníomhaíocht de chuid an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite faoin Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite toisc go bhfuil sí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ná gníomhaíochtaí na mBallstát aonair agus seachnaítear léi cur chuige ilroinnte trí aghaidh a thabhairt ar aistriú chóras fuinnimh na hEorpa ar bhealach comhordaithe. Áirithítear léi glanlaghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, baintear leas iomlán as na buntáistí a bhaineann le barainneachtaí scála agus le comhar teicneolaíoch san Eoraip agus tugtar cinnteacht d’infheisteoirí i gcreat rialála ar fud an Aontais.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha beartais ab fhearr ann?**

Sainaithníodh trí rogha beartais chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach: 1) **cur chuige feabhsaithe ón mbun aníos** lena ngabhann idirghabháil bhreise íosta ar leibhéal an Aontais agus athruithe teoranta ar an gcreat reachtach agus beartais atá ann faoi láthair; 2) **aistriú ó chur chuige ón mbun aníos i dtreo cur chuige ón mbarr anuas lena ngabhann stiúradh níos láidre** ó leibhéal an Aontais agus tabhairt isteach athruithe níos suntasaí ar an gcreat reachtach agus beartais, agus 3) cur chuige **iomlán ón mbarr anuas** le haghaidh tionscadail bhonneagair agus fuinnimh trasteorann ar mhórscála, lena n-áirítear athruithe suntasacha struchtúracha agus institiúideacha ar an *status quo* agus leibhéal níos airde lárnaithe agus cuíchóirithe ar leibhéal an Aontais.

Gan dochar do bhreithnithe polaitiúla ná don togra reachtach deiridh ón gCoimisiún maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, agus bunaithe ar an measúnú teicniúil agus ar chomparáid idir roghanna (féach Roinn 6 agus 7 den Mheasúnú Tionchair), cé go mbeadh

roinnt tairbhí ag baint le rogha beartais 3, ar an iomlán, **dealraíonn sé go mbeadh rogha beartais 2 (RB2) níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhleanúnaí** le creat beartais foriomlán an Aontais. Meastar freisin go bhfeidhmíonn sé níos fearr ó thaobh **coimhdeachta agus comhréireachta** de.

Is éard a bheadh i gceist le RB2 roinnt athruithe ar an gcreat reachtach agus beartais, lena n-áirítear bearta chun i) trédhearcacht, grinnscrúdú agus comhordú níos fearr a áirithiú maidir le **pleanáil líonraí** ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, sásra líonta bearnaí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair, agus réitigh neamhshreangaithe agus línte inmheánacha a ionchorprú ar bhealach níos fearr, ii) feabhas a chur ar an trédhearcacht agus na prionsabail a neartú chun **comhroinnt costas a éascú** agus creat a bhunú maidir le **tionscadail a chuachadh ar bhonn deonach**, iii) leasuithe reachtacha chun **níos mó dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe agus chun iad a shimpliú** maidir le heangacha trasteorann, eangacha tarchuir náisiúnta agus eangacha dáileacháin áitiúil chomh maith le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus stórála agus stáisiúin athluchtaithe, iv) ceanglais bhreise a thabhairt isteach chun **an tslándáil fhisiceach agus an chibearshlándáil a fheabhsú** maidir le bonneagar leictreachais trasteorann.

**Céard iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

Tríd is tríd, tá tuairimí na bpáirtithe leasmhara ag teacht leis na bearta a chuimsítear sa rogha beartais ab fhearr, ach tá éagsúlachtaí ann mar sin féin maidir le roinnt saincheisteanna (féach Iarscríbhinn 2). Aontaíonn formhór na bhfreagróirí gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar **chreat rialachais** reatha na bpleananna forbartha gréasáin 10 mbliana (PFG10B), lena n-áirítear róil na bpáirtithe leasmhara, chun éifeachtacht a fheabhsú. Thairis sin, deir thart ar leath de na freagróirí nach leor an próiseas reatha a bhaineann le PFG10B chun bearnaí sa bhonneagar a shainaithint. Tá tuairimí éagsúla ag na páirtithe leasmhara maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cur chuige níos dírithe ar an mbarr anuas a bheith ag PFG10B maidir le pleanáil bonneagair, agus is gnách d’oibreoirí córais a bheith i bhfabhar an *status quo*. Rinne formhór na bpáirtithe leasmhara **an ceadú** a rangú mar an phríomhbhacainn ar a áirithiú go bhforbrófar eangach na hEorpa de réir mar is gá le haghaidh an aistrithe fuinnimh. D’iarr na páirtithe leasmhara freisin go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun dlús a chur leis an gceadú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus stórála.

### C. Tionchair na rogha beartais ab fhearr

**Cad iad tairbhí na rogha beartais ab fhearr?**

Meastar go mbeidh tairbhí móra eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta mar thoradh ar RB2, agus go laghdófar na costais riaracháin agus choigeartaithe do pháirtithe leasmhara.

Meastar go mbeidh **coigilteas mór ar chostais an chórais fuinnimh** i gceist le RB2. Bheadh eangach níos fearr agus níos athléimní mar thoradh ar **phleanáil fheabhsaithe bonneagair fuinnimh**, rud a d’fhéadfadh laghdú EUR 14 bhilliún in aghaidh na bliana ar chostais an chórais agus glanchoigilteas bliantúil EUR 8 mbilliún in aghaidh na bliana le haghaidh 2040 a bhaint amach. Le **creat feabhsaithe comhroinnte costas**, d’éascófaí teacht chun cinn agus cur chun feidhme tionscadal trasteorann ar bhealach is tapúla, rud a mbeadh tairbhí móra socheacnamaíocha ag baint leis. Thairis sin, tá coinne leis go laghdófar le RB2 **an t-aga ceadaithe** agus, mar thoradh air sin, cur chun feidhme tionscadal, rud a ghinfeadh tairbhí i dtéarmaí na gcostas seachanta a bhaineann le moilleanna do thionscnóirí tionscadail. Ar deireadh, trí fheabhas a chur ar **shlándáil an bhonneagair fuinnimh**, d’fhéadfadh RB2 tairbhí a chruthú i dtéarmaí caillteanas leasa eacnamaíoch agus costais deisiúcháin a sheachaint.

Rachadh an coigilteas sin chun tairbhe do thomhaltóirí, do tháirgeoirí leictreachais agus d'oibreoirí córais trí fheabhas a chur ar **an iomaíochas** agus trí **shochair shóisialta** a chruthú. Le costais córais fuinnimh níos ísle mhaolófaí méaduithe ar tharaifí líonra do thomhaltóirí, lena n-áirítear don tionsclaíocht. Bheadh tionchar dearfach ag RB2 ar **an digitiú** freisin, trína bhéim níos láidre ar réitigh neamhshreangaithe agus nósanna imeachta ceadaithe a dhigitiú. Ar deireadh, tá coinne leis go laghdófar le RB2 **na costais riaracháin agus choigeartaithe** do ghnólachtaí (lena n-áirítear gineadóirí fuinnimh, tionscnóirí tionscadail, oibreoirí córais tarchuir agus ENTSOnna) trí phleanáil bonneagair, próisis iarratais agus meastóireachta tionscadal leasa choitinn agus tionscadal comhleasa a chuíchóiriú chomh maith le nósanna imeachta ceadaithe. A mhéid a bhaineann le **tairbhí comhshaoil**, d'fhéadfadh laghdú astaíochtaí $CO_2$ (thart ar 27 Mt in aghaidh na bliana) a bheith mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr.

**Cad iad costais na rogha beartais ab fhearr?**

Léirítear an méid seo a leanas sa mheasúnú: nach meastar go mbeidh tionchar diúltach mór eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil ag RB2. Mar sin féin, d'fhéadfadh costais **chomhlíontachta bhreise** theoranta a bheith i gceist le roinnt beart do pháirtithe leasmhara áirithe. I gcás **gnólachtaí**, d'fhéadfadh costais bhreise riaracháin agus choigeartaithe a bheith i gceist le RB2 d'oibreoirí córais tarchuir agus tionscnóirí tionscadail, a bhaineann lena ról maidir le riachtanais bhonneagair agus bearta leantacha a shainaithint chomh maith le ceanglais tuairiscithe nua a bhaineann le slándáil. Bheadh na costais sin teoranta nó dhéanfaí iad a fhritháireamh le bearta eile, lena n-áirítear go nglacfadh an Coimisiún cúraimí pleanála áirithe air féin ó ENTSOnna, go laghdófaí minicíocht PFG10B agus go ndéanfaí é a shimpliú, agus go ndéanfaí próisis iarratais tionscadal leasa choitinn agus tionscadal comhleasa a shimpliú. Le nósanna imeachta ceadaithe simplithe agus digitithe laghdófaí an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí freisin. Cé nach féidir an coigilteas costais bliantúil do ghnólachtaí a mheas go hiomlán toisc nach raibh na sonraí ábhartha ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go mbeadh coigilteas costais athfhillteach mar thoradh ar RB2. Thairis sin, ní mheastar go gcuirfidh an tionscnamh costais bhreise ar **shaoránaigh**.

I gcás **na mBallstát agus na n-údarás náisiúnta**, chruthófaí le RB2 costais riaracháin bhreise sa ghearrthéarma, ar costais iad a bhaineann le cur chun feidhme an chreata reachtaigh athbhreithnithe (féach thíos). Ar deireadh, beidh costais bhreise i gceist le RB2 **don Choimisiún agus do ACER**, agus bheadh ról níos mó acu sa phleanáil bonneagair.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ní mheastar go mbeidh impleachtaí sonracha ag an tionscnamh seo ar iomaíochas FBManna sa bhreis ar na breithnithe thuas maidir le hiomaíochas. Trí líonra eangaí an Aontais a leathnú agus a nuachóiriú mar aon le húsáid mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite, cuirfear feabhas ar rochtain ar leictreachas agus méadófar an soláthar, rud a rachaidh chun tairbhe do na gníomhaithe uile, lena n-áirítear FBManna. Leis sin **laghdófar costais an chórais fuinnimh** do gach tomhaltóir agus d'fhéadfadh sé na costais soláthair a laghdú dá réir sin.

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Meastar nach mbeidh ach tionchar teoranta ag RB2 ar bhuiséid agus ar riaracháin na n-údarás náisiúnta ábhartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit acmhainní breise a leithdháileadh chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe **comhroinnte costas**, go háirithe chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis rialála náisiúnta measúnuithe a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh maidir le tionscadail fhéideartha, mar aon le páirt a ghlacadh i rialáil tionscadal lasmuigh dá gcríoch. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hacmhainní breise freisin

chun **na forálacha ceadaithe**athbhreithnithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun an fhoireann, na scileanna agus na huirlisí is gá a thabhairt do na húdaráis um cheadú. Mar sin féin, meastar go ndéanfar na costais ghearrthéarmacha bhreise sin a fhritháireamh le tairbhí i dtéarmaí nósanna imeachta cuíchóirithe, níos simplí, níos tapúla agus digitithe san fhadtéarma.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar eile ann. Tá coinne leis go gcuirfidh RB2 le simpliú substaintiúil ar phleanáil agus rialachas bonneagair san Aontas, chomh maith le ceadú (féach Roinn 8.2.).

**Comhréireacht**

Meastar go bhfuil RB2 in ann cuspóir an Phacáiste um na hEangacha Eorpacha a bhaint amach ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, gan costais mhóra bhreise a fhorchur ar ghníomhaithe ábhartha. Ní rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil sé comhréireach.

**D. Bearta leantacha**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchair na reachtaíochta i gcomparáid le tacar táscairí (féach Roinn 9) lena gcumasófar tomhais an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí sonracha agus oibríochtúla a bhaint amach. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na reachtaíochta nua faoi dheireadh 2032, nuair ba cheart an dara próiseas roghnúcháin tionscadal leasa choitinn agus tionscadal comhleasa faoin gcreat nua a bheith curtha i gcrích.